

Straitéis 20 Mí don Ghaeilge

Cuid a hAon - Conas ar Mheathlaigh an Ghaeilge

Cumann Carad na Gaeilge
31 Lúnasa 2013

Is é an geilleagar é, a amadáin.
James Carville, 1992

Is é an easpa jabanna a dhéantar trí Ghaeilge é, a chara.
Anonymous, 2013

Cén fáth gur chóir dúinn breathnú ar an gcaoi gur mheathlaigh an Ghaeilge agus go ndeachaigh Sacsbhéarla chun cinn san am atá caite agus sinn ag caint faoi athbheochan na Gaeilge inniu? Ní deacair a rá é sin. Más féidir linn tuiscint conas a ndeachaigh Sacsbhéarla chun cinn, is féidir linn feiceáil go soiléir conas an Ghaeilge agus a pobail a neartú, ní i dteoiric, ach in Éirinn féin.

A. An Daonra Gaelach, 17ú haois go dtí an 19ú haois

Meastar go raibh i ndaonra na hÉireann ag deireadh réim Charles II (1685) beagnach 2,000,000, a bheag nó a mhór, agus bhí timpeall trí cheathrú acu ina gCaitlicigh. (1) Meastar go raibh i ndaonra na hÉireann ag deireadh na 18ú haois thart ar 5,000,000 duine. (2) Deir Máirtín Ó Murchú ina leabhar *The Irish Language*, gur thosaigh daonra na hÉireann ag méadú go suntasach ó dheireadh na 18ú haoise; gur tharla an méadú seo go príomha i measc na ndreamanna ba bhoichte faoin tuath; bhí cuid mhór na hearnála sin fós ag labhairt na Gaeilge; bhí an méadú seo i measc chainteoirí na Gaeilge go háirithe; agus níl aon fhigiúirí cruinne ar fáil, ach meastar go raibh 3,500,000 Gaeilgeoirí ann i 1820 agus 4,000,000 in 1835. " (3)

B. Cumhacht, Foréigean agus Comhéigean

Sa 17ú haois go dtí an chéad cuid den 19ú haoise, cuireadh cosc ar an nGaeilge trí mheán an foréigin nó an chomhéigin, agus brúdh amach príomhtheanga na ndaoine seo ó cheithre réimse scothaicmeacha na tréimhse sin: an reiligiúin, an rialtas, úinéireacht agus bainistíocht san earnáil tráchtála, agus an t-oideachas.

1. an reiligiún

I 1785, thréig Cliarlathas na hEaglaise Caitlicí in Éirinn an Ghaeilge, an cultúr Gaelach, agus náisiúnachas na hÉireann ionas gurbh fhéidir leo cead a fháil ó Rialtas na Breataine chun séipéil a oscailt agus chun sagairt a oiliúint (trí mheán an tSacsbhéarla amháin) i gCeatharlach agus i Maigh Nuad. (4) Le díogras chun an Conradh seo Mhaigh Nuad a chaomhnú, chinntigh an Cliarlathas Caitliceach nach dtiocfadh aon sagairt eile, go rúnda nó go hoscailte, ón Mór Roinn toisc go raibh saoirse na hÉireann beagnach i gcónaí ina smaointe agus an Ghaeilge ar a dteangacha acu. Ón am sin ar aghaidh, dosna milliúin Caitliceach in Éirinn a raibh Gaeilge acu, bhí Sacsbhéarla de dhíth chun taisteal ar an mbóthar chun na bhFlaithis.

Bhí gné eacnamaíoch ag an gConradh Mhaigh Nuad seo chomh maith. Chun a bheith i do shagart (agus slí bheatha a dhéanamh as), bhí gá agat le Sacsbhéarla, freisin.

2. an rialtas

Cuireadh cosc ar an nGaeilge sa rialtas in Éirinn mar thoradh ar Chath Chionn tSáile (1601), Conradh na Mainistire Móire .i. an Conradh 'Mellifont' (1603), Imeacht na nIarlaí (1607), Concas Chromail (1649-1653), Eachdhroim an Áir (1691), agus Conradh Luimnigh (1692). Díbríodh Féineachas (.i. 'Brehon Law') agus an Ghaeilge ó na cúirteanna in Éirinn le cáis dlí i gcoinne an Fhéineachais (.i. 'Brehon Law') idir 1605 agus 1607. (5) Ó shin i leith, chun slí bheatha i rialtas nó sna cúirteanna a bhaint amach in Éirinn, bhíodh Sacsbhéarla riachtanach.

3. úinéireacht agus bainistíocht san earnáil tráchtála

I sochaí thalmhaíochta, is ionann saibhreas agus talamh. Bhíodh Rialtas na Breataine ag coigistiú na talún gan stad gan staonadh ó 1603 ar aghaidh. Ag deireadh na 17ú haoise, bhí thart ar trí cheathrú den daonra ina gCaitlicigh (6) agus

an mhórchuid díobh ina gGaeilgeoirí. Chuir na Péindlíthe (1692) urchosc ar Chaitlicigh talamh a cheannach - nó léas ar thalamh níos faide ná 30 bliain a fháil, nó aon oifig rialtais a fháil, nó aon choimisiúin in Arm nó Cabhlach an Rí a fháil, nó aon chapall ab fhiú níos mó ná £5 a choimeád, nó slí bheatha a bhaint amach mar dhlíodóir, nó scoil a bhunú, nó dul le múinteoireacht, nó oideachas a fháil thar lear.

Ba phionóis eacnamaíocha iad seo go príomha. Faoi chóras an mharsantachais (.i. 'Mercantilism'), ba é an trádáil an t-aon dóigh amháin a bhí fágtha do Chaitliceach Éireannach chun saibhreas a thuilleamh. Agus bhí an trádáil indéanta le Sasana agus lucht an Bhéarla amháin, seachas leis an Mór-Roinn nó le tíortha eile thar lear.

Um 1778, is ar éigean go raibh níos mó ná 5% de thalamh na hÉireann fágtha i lámha Caitliceacha. (7) Sé sin le rá, bhí saibhreas na hÉireann coigistithe ó Ghaeilgeoirí agus tugtha dosna tiarnaí talún nua (.i. an Chinsealacht) a raibh Béarla acu. Maraon leis sin, ní raibh cead ag Caitlicigh vótáil ná suí i bParlaimint, cé acu i mBaile Átha Cliath nó i Londain é. (8) Mar sin, bhí sé beagnach cinnte go bhfanfadh saibhreas na hÉireann i seilbh lucht an Bhéarla chomh fada agus a ba mhaith leis an gCinsealacht an saibhreas sin a choimeád.

4. an t-oideachas

Tar éis bhunú an Bhoird Náisiúnta Oideachais i 1832, chonacthas deireadh na sean-scoileanna cois claí, iad ag géilleadh slí diaidh ar ndiaidh do scoileanna an Boird Náisiúnta. Sheolfadh na túismitheoirí a bpáistí chucu toisc go raibh a dtáillí níos lú ná táillí na scoileanna cois claí." (9) Sé sin le rá, chuir praghasanna na Scoileanna Náisiúnta (ina labhraítí Sacsbhéarla amháin) na scoileanna cois claí (ina labhraítí an Ghaeilge de ghnáth) as gnó.

D'aon ghnó a bhíodh na Scoileanna Náisiúnta ag cur an Bhéarla chun tosaigh is ag tacú le teanga agus cultúr na Sasanach. Thug Pádraig Mac Piarais "The Murder Machine" ar na scoileanna náisiúnta seo. Scríobh Úna Nic Éinrí in a leabhar *Stair na Teanga Gaeilge*: "... bhí sé d'aidhm acu an Ghaeilge a mharú. Cruthaíonn an véarsa seo a leanas (aistrithe ón Sacsbhéarla) é sin:

*"I thank the goodness and the grace
Which on my birth has smiled,
And made me in these Christian days
A happy English child."* (10)

Bhí an cineál meoin seo fós le fáil i dtéacsleabhair Éireannacha sna 1960í, nuair a bhíodh a leithéid de “Oh what a good little English child am I” le fáil uaireanta fós i dtéacsleabhair bhunscoile. (12)

C. Rogha

Mar is léir ón méid thuas, díbríodh an Ghaeilge as ceithre réimse scothaicmeach an náisiúin roimh an bhliain 1840. Den chuid is mó, rinneadh teanga thuaithe na mbocht den Ghaeilge, a labhaíodh an 'tuathánach aineolach' amháin, de réir lucht an Bhéarla, agus mar sin ní thugtaí meas ar bith di. Mheastaí gur bhain daoine gan tábhachtach feidhm aisti le haghaidh gnó gan mhaith, agus mar sin nárbh fhiú cad asail í an Ghaeilge. Ar an dtaobh eile de, mheastaí gur bhain daoine móra feidhm as Sacsbhéarla le haghaidh gnó fóna a chur chun tosaigh, agus mar sin go raibh Sacsbhéarla tábhachtach agus riachtanach.

Do na milliúin Gaeilgeoirí a bhí fágtha, chothaigh an Gorta Mór an tuairim go raibh Béarla riachtanach chun aon dul chun cinn a dhéanamh san am a bhí rompu, fiú chun bheith ina mbeathaigh. Mar a thug De Fréine faoi deara ina leabhar *The Great Silence*: “Chuir an ghlúin níos sine ina luí ar an óige tábhacht a bhaineann le cúrsaí eacnamaíochta.” (aistrithe ón Sacsbhéarla) (13) Mar gheall ar a gcuid eagla agus imní, dhiúltaíodh mórán tuismitheoirí Gaeilge a labhairt lena bpáistí, cé nach mbíodh ach smacht neamhfhoirfe acu féin ar an mBéarla – má bhí Béarla ar bith acu. Ón bhfíric seo a thagann teideal leabhair De Fréine, *The Great Silence*.

Thuairiscigh an tAthair Tomás Ó Ceallaigh in *The Catholic Bulletin*, Aibreán 1911:

“They had been brought up to believe that English was the top-notch of respectability, the key that opened Sesame, and they were determined that their children should not be left without a boon so precious.” (14)

CONCLÚID DO CHUID A hAON

A mhalairt leis an dtuairim Ghael-Mheiriceánach gur chosc dlithe Sasanacha labhairt na Gaeilge in Éirinn, thug muintir na hÉireann féin droim láimhe don Ghaeilge agus iad faoi bhrú dlíthe eile nár bhain leis an teanga go díreach. Roghnaigh siad Béarla a labhairt go mórmhór as cúiseanna eacnamaíocha. Cheap siad nach raibh rogha acu, ach bhí. Agus tá fós, dar ndóigh. Ní bheadh aon chosc ar mhuintir go léir na hÉireann Gaeilge a roghnú arís, dá mbeadh cúinsí cearta ann (agus sin a bheidh againn mar ábhar sna codanna a leanas).

TAGAIRTÍ

1. Moody, T.W. agus Martin, F.X., eagarthóirí. The Course of Irish History. Corcaigh: An Preas Mercier, 1967. lch. 206
2. Moody, lch. 266
3. Ó Murchú, Máirtín. The Irish Language. Baile Átha Cliath: Rialtas na hÉireann, 1985. p.26, aistrithe ón mBéarla seo: “From the late 18th century the population of Ireland began to increase substantially. This increase occurred primarily among the poorer rural classes and, since a large proportion of that sector was still Irish-speaking, there was a disproportionate increase in the number of Irish speakers. There are no exact figures available, but in 1820 the number of Irish speakers was estimated at 3,500,000 and in 1835 was estimated at 4,000,000.”
4. Ó Tuathaigh, Gearóid. Ireland before the Famine 1798-1848. The Gill History of Ireland, Volume 9. Baile Átha Cliath: Gill and Macmillan, 1972. lch. 46-47
5. Rinneadh é seo trí mheán na cásanna dlí Gavelkind (1605) Davies 49 agus Tanistry (1607) Davies 28. Féach ar <http://www.courts.ie/courts.ie/library3.nsf/pagecurrent/3CBAE4FE856E917B80256DF800494ED9?opendocument&l=en>
6. Moody, lch. 206
7. Moody, lch. 220, aistrithe ón mBéarla: “Scarcely 5% of Irish land was left in catholic hands.”
8. Collins, M.E. agus Ó Siochrú, Mícheál. Concas agus Coilíniú. Baile Átha Cliath: Gill and Macmillan, 1976. lch. 191-195
9. Dowling, Patrick J. The Hedge Schools of Ireland. Baile Átha Cliath: An Press Mercier, 1968. lch. 122, aistrithe ón mBéarla: “They witnessed the passing of the old Hedge Schools, slowly giving way to the schools under the National Board.

Parents were sending their children to them, because the fees were lower than in the Hedge Schools.”

10. Nic Éinrí, Úna. Stair na Teanga Gaeilge. Baile Átha Cliath: Folens Nikki a Chuid, Teo. 1971. lch. 31.

11. Nic Éinrí, lch. 31

12. Bunaithe ar chomhráite lenár gcara Pádraig Ó Clúmháin ('Patrick Clifford' i mBéarla), ball de Chumann Carad na Gaeilge agus den Scoil Ghaeilge Ghearóid Tóibín, i mBabylon, Nua-Eabhrac.

13. De Fréine, Seán. The Great Silence. Baile Átha Cliath: Leabhair Mercier, 1978. lch. 81, aistrithe ón mBéarla seo: “the older generation instilled the importance of economic considerations into the young.”

14. De Fréine, lch. 74